Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Nollaig 2019**
**(OR. en)**

**14835/19**

**SUSTDEV 170**
**ONU 136**
**DEVGEN 233**
**ENV 985**
**RELEX 1129**
**COHOM 135**
**AG 66**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 10 Nollaig 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14626/19 |
| Ábhar: | Eoraip inbhuanaithe a thógáil faoi 2030 – An dul chun cinn go dtí seo agus na chéad chéimeanna eile<br>- Conclúidí ón gComhairle (10 Nollaig 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le hEoraip inbhuanaithe a thógáil faoi 2030 - An dul chun cinn go dtí seo agus na chéad chéimeanna eile, mar a ghlac an Chomhairle iad, ag an 3739ú cruinniú a bhí aici, ar an 10 Nollaig 2019.

## Eoraip inbhuanaithe a thógáil faoi 2030 – An dul chun cinn go dtí seo agus na chéad chéimeanna eile

### Conclúidí ón gComhairle

1. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe gona 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) bunriachtanach chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus ó thaobh saol síochánta slán a áirithiú don ghlúin seo agus do na glúine atá le teacht, agus teorainneacha ár bpláinéid á n-urramú ag an am céanna, tríd an daonlathas, cearta an duine agus an comhionannas inscne a chaomhnú, an aeráid agus an comhshaol a chosaint, geilleagair nua-aimseartha, dhinimiciúla, chuimsitheacha a thógáil, trí chaighdeáin mhaireachtála a fheabhsú, sláinte, folláine agus obair chuibhiúil a chur chun cinn agus na neamhionannais a laghdú, le nach bhfágfar aon duine ar lár.

2. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir an gá atá le dlús a chur leis an ngníomhaíocht san Aontas agus in áiteanna eile ar fud an domhain, ó na gníomhaithe go léir, d'fhonn fís agus spriocanna Chlár Oibre 2030 a chomhlíonadh. Cuireann sí i bhfios go láidir an méid a rinne an tAontas Eorpach gona Bhallstáit chun tacú le tíortha comhpháirtíochta dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030, mar a cuireadh i dtreis sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt 2017[1], go háirithe trí dhíriú ar thiomántóirí sistéamacha le haghaidh athrú claochlaitheach. Ní mór é sin a dhéanamh ar aon dul le Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide, le Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa maidir le Maoiniú don Fhorbairt agus le Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste. Leanfaidh an tAontas gona Bhallstáit leis an bpríomhról atá acu i gcur chun feidhme SDGanna agus leanfaidh siad leis an tacaíocht chun an t-iltaobhachas éifeachtach agus ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chur chun cinn chun na críche sin, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle maidir le gníomhaíocht an Aontais chun iltaobhachas riailbhunaithe a neartú[2].

[1] 10108/17
[2] 10341/19

3. Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí ó mhí an Mheithimh 2017[3], lena gcuireadh i dtreis gur réamhriachtanais iad an dea-rialachas, an smacht reachta, an daonlathas, agus institiúidí éifeachtacha cuntasacha le haghaidh sochaithe síochánta cuimsitheacha agus, dá réir sin, go bhfuil dlúthbhaint acu leis an inbhuanaitheacht. Meabhraítear don Chomhairle freisin na conclúidí ó mhí Dheireadh Fómhair 2019 maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha[4] agus cuireann sí i dtreis gur réamhchoinníoll é cearta bunúsacha a bhaint amach, lena n-áirítear a áirithiú go mbeidh an Chairt á comhlíonadh chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach agus chun cloí leis an ngealltanas nach bhfágfar aon duine ar lár.

4. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tacaíocht an Aontais gona Bhallstáit don Deich mBliana Seachadta agus Gníomhaíochta chun Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme agus is díol sásaimh di an Dearbhú Polaitiúil ón gCruinniú Mullaigh faoi na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2019[5] mar chéim shuntasach chun cur chun feidhme treisithe agus luathaithe SDGanna a bhrú chun cinn. Is díol sásaimh don Chomhairle an t-athbhreithniú a rinne an tAontas ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme inmheánach agus seachtrach Chlár Oibre 2030 ag Fóram Ardleibhéil Polaitíochta (HLPF) na Náisiún Aontaithe i mí Iúil 2019 agus glacadh Dhearbhú Comhpháirteach AE-ACC[6] maidir le Clár Oibre 2030 agus cur chun feidhme SDG tráth Chruinniú Mullaigh SDG i mí Meán Fómhair 2019. Ina theannta sin, tugann an Chomhairle dá haire Tuarascáil 2019 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe[7].

**An dul chun cinn atá déanta againn chun SDGanna a bhaint amach**

5. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart ceapadh beartais atá freagrach, trédhearcach agus cuntasach a bheith bunaithe ar shonraí, ar staidreamh agus ar fhianaise eolaíoch atá iontaofa agus ar ardchaighdeán. Ba cheart sonraí ar ardchaighdeán a imdhealú a mhéid is féidir agus ba cheart sonraí staidrimh agus sonraí riaracháin a bheith iontu.

---

[3] 10370/17
[4] 13217/19
[5] https://undocs.org/en/A/RES/74/4
[6] https://www.consilium.europa.eu/fr/press/press-releases/2019/09/24/joint-declaration-by-the-african-caribbean-and-pacific-group-of-states-and-the-european-union-on-the-2030-agenda-and-the-sustainable-development-goals-implementation/
[7] https://unstats.un.org/sdgs/report/2019/The-Sustainable-Development-Goals-Report-2019.pdf

6. Is díol sásaimh don Chomhairle eagrán 2019 den *Monitoring report on progress towards the SDGs in an EU context* [Tuarascáil Faireacháin ar dhul chun cinn chun SDGanna a bhaint amach i gcomhthéacs an Aontais][8] ó Eurostat mar dhoiciméad tábhachtach le go dtomhaisfear dul chun cinn an Aontais chun SDGanna a bhaint amach. Aithníonn an Chomhairle freisin na tuarascálacha agus na sonraí a fhoilsíonn seirbhísí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Choimisiúin, amhail Gníomhaireacht an Aontais um Chearta Bunúsacha agus an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil. Bunaithe ar na tuarascálacha agus na sonraí sin, tugann an Chomhairle dá haire an méid seo a leanas:

a) Tá dul chun cinn maith i gcoitinne déanta ag an Aontas ina iomláine chun feabhas a chur ar dhálaí maireachtála agus oibre a chuid saoránach le cúig bliana anuas. Tá feabhas tagtha ar an tsláinte iarbhír agus ar an tsláinte a mheastar a bheith ann, tá an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta laghdaithe i ngnéithe áirithe, agus tá feabhas tagtha ar cháilíocht na beatha i gcathracha agus i bpobail. In ainneoin an dul chun cinn mhaith atá déanta ar an leibhéal comhiomlán, tá éagothromaíochtaí móra ann go fóill idir na Ballstáit, na réigiúin agus na grúpaí daonra. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar líon na ndaoine atá i mbaol na bochtaineachta agus líon na ndaoine a bhfuil géardhíth ábhartha i gceist leo, tá an tAontas fós i bhfad ón sprioc atá aige do 2020 maidir leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta, agus tá an bhochtaineacht fós forleathan i roinnt Ballstát. Tá neamhionannas ioncaim ag méadú ó bhí an ghéarchéim airgeadais ann in 2008. Léirítear i dtáscairí maidir le comhionannas inscne go bhfuil dul chun cinn déanta i réimsí áirithe, ach tá éagothromaíochtaí ann go fóill.

b) Tá méaduithe leanúnacha ar infheistíocht agus ar fhostaíocht ag gabháil leis an bhfás de réir a chéile in OTI an Aontais, chomh maith le dífhostaíocht atá ag laghdú. Mar sin féin, tá méadú an-mhall ag teacht ar an ollchaiteachas intíre ar T&F agus tá laghdú ag teacht ar líon na n-iarratas ar phaitinní ó 2013 i leith. Tá a chuid tagarmharcanna don oideachas treasach agus d'oideachas agus cúram na luath-óige bainte amach ag an Aontas agus tá sé gar do na spriocanna maidir le luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna a bhaint amach.

[8] https://ec.europa.eu/eurostat/documents/3217494/9940483/KS-02-19-165-EN-N.pdf/1965d8f5-4532-49f9-98ca-5334b0652820

c) Tharla roinnt forbairtí mífhabhracha maidir le hacmhainní nádúrtha a úsáid, rud ba chúis le tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol. Tá méadú leanúnach ag teacht ar thomhaltas ábhar agus fuinnimh, chomh maith le giniúint dramhaíola neamh-mhianraí, in ainneoin na méaduithe atá tagtha ar úsáid ábhar ciorclach agus athchúrsáil. Tá meath ag teacht ar an mbithéagsúlacht i gcónaí agus tá an dóchúlacht ann go gcaillfidh an tAontas 23 den 30 sprioc comhshaoil atá sa 7ú Clár Gníomhaíochta don Comhshaoil, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le spriocanna domhanda Aichi. Feictear sciar suntasach de na tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaoil lasmuigh den Aontas trí éifeachtaí iarmharta a bhaineann lenár bpatrúin tomhaltais.

d) Tá laghdú 23 %[9] tagtha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais le hais leibhéil 1990 agus tá feabhas leanúnach tagtha ar dhéine fuinnimh agus acmhainní OTI, rud a chuireann an Eoraip ar bhóthar a leasa chun a chuid spriocanna do 2020 a bhaint amach. In ainneoin an dul chun cinn sin, ní cinnte ag an gcéim seo go mbainfear amach na spriocanna aeráide atá ann faoi láthair don bhliain 2030, go háirithe maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Tá méadú ag teacht ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil iompair, agus dá bhrí sin ní dócha go mbainfear amach cuspóir an Aontais maidir le tionchar na hearnála iompair ar an gcomhshaol a laghdú faoi 2020. Níl aon athrú i dtreo modhanna iompair agus lasta níos inbhuanaithe le feiceáil fós.

9 https://ec.europa.eu/clima/sites/clima/files/strategies/progress/docs/com_2019_559_en.pdf

e) Tá dul chun cinn déanta ag an Aontas maidir le tacú le tíortha i mbéal forbartha SDGanna a chur chun feidhme trí chabhair dhéthaobhach agus iltaobhach agus trí shreabha airgeadais agus trí thrádáil, mar a chuirtear i dtreis sa *Joint Synthesis Report on the Implementation of the European Consensus* [Tuarascáil Chomhpháirteach Sintéise maidir leis an gComhdhearcadh Eorpach a Chur Chun Feidhme][10], sna tuarascálacha bliantúla maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais a mhaoiniú[11] agus sna tuarascálacha maidir le Tacaíocht Bhuiséadach[12], a leagadh amach bunaithe ar SDGanna. Ina theannta sin, léirítear i dtuarascáil an Aontais 2019 maidir le Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt[13] go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta ag an Aontas maidir le héifeachtaí diúltacha iarmharta i gcás bheartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais ar thíortha atá i mbéal forbartha a laghdú, agus maidir le sineirgí a chur chun cinn idir beartais agus gníomhaíochtaí éagsúla chun tacú le SDGanna. Is iad an tAontas agus na Ballstáit le chéile na deontóirí is mó ar domhan, agus cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá an comhar um fhorbairt san Aontas chun dlús a chur le cur chun feidhme comhtháite Chlár Oibre 2030 agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa ar fud an domhain.

7. Tá an Chomhairle tiomanta a marana a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag an Aontas i ndáil le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 ar bhonn rialta, agus bunaithe ar an tuarascáil ó Eurostat agus tuarascálacha ábhartha eile.

8. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú don Fhóram Ardleibhéil Polaitíochta maidir le cur chun feidhme inmheánach agus seachtrach Chlár Oibre 2030 ag an Aontas le linn an chéad timthrialla HLPF eile, in 2021, más féidir. Ba cheart próiseas rannpháirtíochta oscailte, trédhearcach agus il-leibhéil a bhunú chun an tuarascáil a ullmhú, ina mbeadh an Chomhairle rannpháirteach go dlúth, agus ba cheart dul i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara agus le Parlaimint na hEorpa.

10 9199/19 + ADD 1
11 COM(2019) 604
12 https://ec.europa.eu/europeaid/budget-support-trends-and-results_en
13 5806/19

**Cur chuige na sochaí iomláine maidir le cur chun feidhme a neartú**

9. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gurb iad na Rialtais náisiúnta atá freagrach go príomha as Clár Oibre 2030 gona 17 SDGanna a chur chun feidhme agus aithníonn sí an obair a rinneadh ar gach leibhéal sna Ballstáit i ndáil leis sin. Molann an Chomhairle do na Ballstáit leibhéal uaillmhéine a bhfreagairtí náisiúnta do chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 a ardú, agus clár oibre 2030 a phríomhshruthú go réamhghníomhach in ionstraimí pleanála náisiúnta, i mbeartais, i straitéisí agus i gcreataí airgeadais.

10. Meabhraítear don Chomhairle gur freagracht chomhroinnte atá i gcur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus go bhfuil gá le rannpháirtíocht leanúnach, láidir ó na páirtithe leasmhara uile. Chun na críche sin, féadfaidh an Chomhairle an méid a leanas a dhéanamh:

   a) Cuireann sí i dtreis an ról ríthábhachtach atá ag na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus ag cathracha maidir le SDGanna a chur chun feidhme agus a bhaint amach. Aithníonn an Chomhairle an ról gníomhach atá ag Coiste na Réigiún agus is díol sásaimh di a tuairim maidir le SDGanna. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus le cathracha Chlár Oibre 2030 a shaothrú, *inter alia* tríd an gClár Oibre Uirbeach don Aontas agus tríd an mbeartas comhtháthaithe.

   b) Cuireann an Chomhairle chun suntais ról tábhachtach na hearnála príobháidí maidir le SDGanna a bhaint amach agus spreagann sí rannpháirtíocht chuiditheach leanúnach na hearnála, trí chomhpháirtíochtaí margadh-bhunaithe, idirphlé sóisialta, infheistíochtaí agus samhlacha gnó atá i gcomhréir le prionsabail an Iompair Fhreagraigh Gnó agus na Freagrachta Sóisialta Corparáidí. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chreat beartais láidir agus ar phlean gníomhaíochta a bheidh mar bhonn do chothrom na Féinne go hidirnáisiúnta agus lena mbeifear in ann Treoirlínte OECD maidir le Fiontair Ilnáisiúnta[14], Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine[15] agus Dearbhú Tríthaobhach EIS maidir le Fiontair Ilnáisiúnta[16] a chur chun feidhme go huaillmhianach comhtháite.

---

14 http://mneguidelines.oecd.org/
15 https://www.ohchr.org/documents/publications/GuidingprinciplesBusinesshr_eN.pdf
16 http://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_emp/---emp_ent/---multi/documents/publication/wcms_094386.pdf

c) Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá lucht acadúil agus an pobal eipistéimeach amhail an Líonra Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (ESDN), na Comhairlí Comhairleacha Eorpacha don Chomhshaol agus don Fhorbairt Inbhuanaithe (EEAC) agus Líonra na Náisiún Aontaithe um Réitigh Forbartha Inbhuanaithe (SDSN) ó thaobh torthaí agus moltaí fianaisebhunaithe atá ábhartha do bheartais a chur ar fáil do lucht ceaptha beartas. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún malartú dea-chleachtais a spreagadh i measc na mBallstát, mar shampla, bunaithe ar fhormáidí ESDN arb ann dóibh cheana. Cuireann an Chomhairle i dtreis an ról lárnach atá ag an 9ú Chlár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht de chuid an Aontais *Fís Eorpach (2021-2027)* agus is díol sásaimh di an bhéim a leagtar ann, agus i gcláir CAI eile, ar chur chun feidhme SDGanna agus a mhéid a chabhraíonn sé leis an gcur chun feidhme sin. I gcomhréir lena Rún ó mhí na Samhna 2019[17], meabhraíonn an Chomhairle gur cheart leas a bhaint as na beartais agus na bearta cultúrtha go córasach chun comhlánú a dhéanamh ar na bearta atá á n-úsáid cheana chun an inbhuanaitheacht a bhaint amach d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtúlacht straitéisí forbartha inbhuanaithe ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon.

d) Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir ról ríthábhachtach na sochaí sibhialta maidir le SDGanna a chur chun feidhme agus a bhaint amach, agus a thábhachtaí atá rannpháirtíocht fhiúntach na sochaí sibhialta i straitéisí an Aontais maidir le Clár Oibre 2030. Aithníonn an Chomhairle ról gníomhach Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus is díol sásaimh di a thuairim maidir leis an bPáipéar Machnaimh ón gCoimisiún[18]. Aithníonn an Chomhairle an ról tábhachtach atá ag an óige maidir le SDGanna a bhaint amach, meabhraítear di na conclúidí uaithi i mí Aibreáin 2019, agus spreagann sí an Coimisiún gona Bhallstáit ról a thabhairt don óige trí shásraí struchtúrtha idirphlé.

e) Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá an t-ardán il-gheallsealbhóirí maidir le SDGanna, agus gur cheart ról tábhachtach a bheith aige sa phróiseas ullmhúcháin, i gcur chun feidhme straitéis chur chun feidhme an Aontais do Chlár Oibre 2030 agus san fhaireachán a dhéantar ar an gClár Oibre sin. Iarrann an Chomhairle go n-athnuafaí sainordú an ardáin agus go gcuimseofaí ballraíocht chuimsitheach ionadaíoch leis sin, lena n-áirítear na Ballstáit.

---

17 13336/19

18 https://www.eesc.europa.eu/en/our-work/opinions-information-reports/opinions/reflection-paper-towards-sustainable-europe-2030

**Na chéad chéimeanna eile i dtreo rialachais níos éifeachtaí**

11. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair atá déanta ag Eurostat maidir lena thuarascáil faireacháin faoi SDGanna a fhorbairt le dhá bhliain anuas, agus cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí obair leantach dhian tháscairebhunaithe bhliantúil lena dtomhaisfear dul chun cinn an Aontais i ndáil le gach ceann de na 17 SDG. Tugann an Chomhairle dá haire go mbunaíonn Eurostat a thuarascáil agus a chonclúidí ar na forbairtí a rinneadh le cúig bliana anuas. Mar thoradh air sin, bíonn sé deacair comparáid a dhéanamh idir an dul chun cinn a dhéantar ó bhliain go bliain, agus d'fhéadfadh na conclúidí a bheith míthreorach ó am go ham. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún níos mó faisnéise maidir leis an staid reatha a chur sa tuarascáil ó Eurostat. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil dúshlán ag baint le hanailís den chineál sin, go háirithe i gcásanna nach ann do spriocanna intomhaiste, faoi cheangal ama. Is díol sásaimh don Chomhairle gach próiseas de chuid an Aontais darb aidhm spriocanna intomhaiste faoi cheangal ama a bhunú i réimsí beartais éagsúla, lena n-urramaítear prionsabail na coimhdeachta, na comhréireachta agus roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit. Ba cheart do na próisis sin cur leis an straitéis chur chun feidhme chuimsitheach dá dtagraítear i mír 19 de na conclúidí seo agus ba cheart dóibh a bheith comhtháite leis an straitéis sin.

12. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá táscairí a fhorbairt ar bhonn leanúnach, agus an bunachar sonraí a athbhreithniú agus a fheabhsú go leanúnach, agus an comhthéacs tírshonrach agus na sonraí tírshonracha, na táscairí domhanda SDG a comhaontaíodh ar leibhéal na Náisiún Aontaithe agus an obair a rinne eagraíochtaí agus institiúidí ábhartha idirnáisiúnta eile á gcur san áireamh. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún níos mó úsáide a bhaint as sonraí cáilíochtúla agus imdhealaithe san fhaireachán a dhéanann Eurostat, i gcás inarb iomchuí, agus tá sí den tuairim nach dtugann na táscairí arb ann dóibh cheana, agus ar baineadh leas astu sa tuarascáil ó Eurostat, aghaidh ar bhealach leordhóthanach ar fheiniméin thábhachtacha áirithe - amhail an t-athrú sna patrúin tomhaltais agus táirgthe, lena n-áirítear an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, nó dea-bhail bhraite - nithe atá i gcroílár Chlár Oibre 2030. Sa chomhthéacs sin, meabhraítear don Chomhairle a conclúidí maidir le Geilleagar na Dea-bhaile[19] agus na tagairtí a dhéantar iontu do thomhas a dhéanamh ar an dea-bhail, chomh maith leis na conclúidí uaithi maidir leis an nGeilleagar Ciorclach[20]. Tugann an Chomhairle dá haire freisin na moltaí i ndáil le faireachán a rinneadh ag an gcomhdháil a bhí faoi stiúir na ngeallsealbhóirí agus a tionóladh i Heilsincí, ar an 28-29 Deireadh Fómhair 2019[21], agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar ghníomhaireachtaí an Aontais na moltaí sin a scrúdú agus a mheas mar is iomchuí.

---

19 11164/19
20 12791/19
21 https://www.fingo.fi/tapahtumat/beyond-growth

13. Tugann an Chomhairle dá haire freisin nach mór feabhas a chur ar an bhfaisnéis ón Aontas a bhaineann leis na hiarmhairtí a bhíonn ar bheartais an Aontais ar fud na cruinne. Aithníonn an Chomhairle an ról ríthábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag Eurostat maidir le teacht ar bhealaí chun lorg coise domhanda (tionchar diúltach) agus lorg láimhe domhanda (tionchar dearfach) bheartais an Aontais a thomhas. Iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint leis an gcomhar idir Eurostat, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) chun tionchar bheartais an Aontais ar neamhionannas san Aontas agus i dtíortha comhpháirtíochta a thomhas.

14. Is díol sásaimh don Chomhairle cinneadh Uachtarán an Choimisiúin (2019 go 2024) a chur de chúram ar gach Coimisinéir a áirithiú go mbainfí amach Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe ina réimsí beartais faoi seach mar chéim thábhachtach chun Clár Oibre 2030 a phríomhshruthú sa Choimisiún. Tugann an Chomhairle dá haire an cinneadh a rinne Uachtarán an Choimisiúin an fhreagracht maidir le cur chun feidhme foriomlán SDGanna ar leibhéal an Aontais a thabhairt don Choláiste ina iomláine. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá comhtháthú beartais don fhorbairt inbhuanaithe, agus an baol atá ann go ndéanfaí beartais a cheapadh ar bhealach neamh-chomhtháite nuair a dhéantar an fhreagracht a chomhroinnt. Cuireann an Chomhairle i dtreis, chun comhtháthú sa Choimisiún féin agus cur chuige iomlán-Choimisiúin a áirithiú, gur cheart an fhreagracht fhoriomlán maidir le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 a shannadh do chomhalta den Choláiste, ar an leibhéal is airde más féidir. Ag an am céanna, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá comhordú éifeachtach i measc sheirbhísí an Choimisiúin agus SEGS mar fhachtóir lárnach chun go gcuirfí SDGanna chun feidhme go héifeachtach. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfí Clár Oibre 2030 agus na SDGanna atá ann chun cinn le cúnamh airgeadais seachtrach ón Eoraip.

15. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá comhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt (PCD), ar rannchuidiú suntasach é le cuspóir níos leithne an chomhtháthaithe beartas ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe ((PCSD). Ba cheart breathnú ar PCD mar ghné lárnach i gcónaí agus mar mhodh tábhachtach sna hiarrachtaí foriomlána atá á ndéanamh ag an Aontas Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme.

16. Tugann an Chomhairle dá haire an t-athbhreithniú ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i ndáil leis an tuairisciú a dhéanann institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais ar inbhuanaitheacht[22], ina léirítear nach dtuairiscíonn an Coimisiún go córasach ar an rannchuidiú ó bhuiséad an Aontais, ó chláir ná ó bheartais an Aontais maidir le SDGanna a bhaint amach i réimsí eile taobh amuigh den ghníomhaíocht sheachtrach. Chun go mbeifear in ann faireachán níos comhtháite trédhearcaí a dhéanamh, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún tuairisciú ar inbhuanaitheacht a áireamh sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí ó gach Ard-Stiúrthóireacht. Iarrann an Chomhairle ar Chúirt Iniúchóirí na hEorpa idirchaidreamh a dhéanamh le cúirteanna náisiúnta na n-iniúchóirí d'fhonn feabhas a chur ar eolas agus taithí a mhalartú.

17. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) nua tacú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 go hinmheánach agus go seachtrach, agus iarrann sí ar an gCoimisiún a áirithiú go rannchuideoidh CAI le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

18. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn ag Uachtarán an Choimisiúin leas níos éifeachtúla a bhaint as na sásraí agus na hionstraimí arb ann dóibh cheana. Sa mheon sin, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún an Seimeastar Eorpach a athdhíriú ina ionstraim lena gcomhtháthaítear SDGanna, agus lena bhféachtar le níos mó faisnéise a fháil ón gCoimisiún. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá an Seimeastar Eorpach mar uirlis chomhordúcháin do bheartais eacnamaíocha, fioscacha agus fostaíochta sna Ballstáit.

**Na chéad chéimeanna eile maidir le dlús a chur le gníomhaíocht sna príomhréimsí beartais**

19. Athdhearbhaíonn an Chomhairle na conclúidí uaithi i mí an Mheithimh 2017[23] agus tathantaíonn sí ar an gCoimisiún straitéis chuimsitheach chur chun feidhme a fhorbairt gan a thuilleadh moille ina mbeadh amlínte, cuspóirí agus bearta nithiúla chun Clár Oibre 2030 a léiriú agus chun SDGanna a phríomhshruthú i ngach beartas inmheánach agus seachtrach ábhartha de chuid an Aontais, bunaithe ar an méid atá fós le déanamh ar leibhéal an Aontais go dtí 2030, i dtéarmaí beartas, reachtaíochta, struchtúr rialachais do chomhtháthú cothrománach agus modhanna cur chun feidhme. Meabhraítear don Chomhairle freisin na Conclúidí ón gComhairle Eorpach, Deireadh Fómhair 2018, ina n-iarrtar straitéis chuimsitheach den sórt sin.

---

22 https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/RCR_Reporting_on_sustainability/RCR_Reporting_on_sustainability_EN.pdf

23 10370/17

20. Athdhearbhaíonn an Chomhairle conclúidí mhí Aibreáin 2019[24] agus na príomhbhoinn bheartais do thodhchaí inbhuanaithe a sainaithníodh iontu freisin, chomh maith leis na tosaíochtaí do Chlár Oibre Straitéiseach an Aontais do 2019-2024. Áirítear an méid seo a leanas ar na príomhbhoinn beartais do thodhchaí inbhuanaithe: aistriú gan drogall chuig geilleagar ciorclach, lena n-áirítear timthriallta ábhar neamhthocsaineach; oibriú ar mhaithe le neodracht aeráide a bhaint amach agus le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le Comhaontú Pháras; an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú; inbhuanaitheacht na gcóras talmhaíochta agus bia; chomh maith le hearnálacha fuinnimh, foirgneamh agus soghluaisteachta atá slán, inbhuanaithe agus ísealcharbóin; agus an comhtháthú Eorpach á chothú ag an am céanna. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá an ghné shóisialta a neartú chun go gcuirfí chun cinn an cuimsiú; gach cineál comhionannais, go háirithe comhionannas inscne; oideachas cuimsitheach ar ardchaighdeán; agus aistriú a bheadh cothrom ar bhonn sóisialta, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus é á áirithiú ag an am céanna go ndéanfaí luachanna coiteanna an Aontais a choimirciú, lena n-áirítear an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha. Tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún géarú ar na maidí maidir leis na saincheisteanna a sainaithníodh mar phríomhbhoinn beartais do thodhchaí inbhuanaithe.

21. Tugann an Chomhairle dá haire *Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2019-2024*[25] ó Uachtarán an Choimisiúin agus na sé huaillmhian phríomha a sainaithnítear iontu don Eoraip. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún na sé huaillmhian phríomha sin a shaothrú ar bhealach a chuirfidh go gníomhach leis an ngealltanas a thug an Coimisiún SDGanna a chur chun feidhme, agus urraim á tabhairt ag an am céanna do phrionsabail na coimhdeachta, na comhréireachta agus roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit.

---

[24] 8286/19

[25] https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/political-guidelines-next-commission_en.pdf

22. Meabhraítear don Chomhairle na sé phointe iontrála a sainaithníodh sa Tuarascáil maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe Domhanda (GSDR)[26] - dea-bhail agus cumais dhaonna; geilleagair inbhuanaithe chóra; córais bhia agus patrúin chothaithe; dí-charbónú fuinnimh agus rochtain uilíoch; forbairt uirbeach agus peirea-uirbeach; agus coimíní comhshaoil domhanda - chomh maith le ceithre luamhán an athraithe - rialachas; an geilleagar agus airgeadas; gníomhaíocht aonair agus gníomhaíocht chomhchoiteann; agus eolaíocht agus teicneolaíocht - nithe a sainaithníodh mar a bheith ríthábhachtach ó thaobh SDGanna a bhaint amach agus ó thaobh aghaidh a thabhairt ar chomhbhabhtálacha agus idirnaisc idir SDGanna, agus is díol sásaimh di na hiarrataí ar ghníomhaíocht a dhéantar sa tuarascáil GSDR. Meabhraítear don Chomhairle freisin na deich ngealltanas atá sa Dearbhú Polaitiúil ó Chruinniú Mullaigh 2019 faoi na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún na pointí iontrála agus na luamháin sa Tuarascáil maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe Domhanda agus na deich bpointe atá sa Dearbhú Polaitiúil a úsáid ina chuid oibre ar an straitéis cur chun feidhme.

---

[26] https://sustainabledevelopment.un.org/content/documents/24797GSDR_report_2019.pdf